2023/2480

13.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2480 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2023

lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2023 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) ón gCoimisiun 2023/1661

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105(1), (2), (3) agus (5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos cuótaí iascaireachta le haghaidh 2022 le Rialachán (AE) 2021/91 ([2]), (AE) 2021/1888 ([3]), (AE) 2022/109 ([4]) agus (AE) 2022/110 ([5]) ón gComhairle.

(2) Leagtar síos cuótaí iascaireachta le haghaidh 2023 le Rialachán (AE) 2022/2090 ([6]), (AE) 2023/194 ([7]) agus (AE) 2023/195 ([8]) ón gComhairle.

(3) De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás inar shuigh an Coimisiún gur sháraigh Ballstát na cuótaí iascaireachta a leithdháileadh chuige, déanfaidh an Coimisiún asbhaintí ó chuótaí a leithdháilfear sa todhchaí chuig an mBallstát sin.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661 ([9]) ón gCoimisiún bunaíodh asbhaintí ó na cuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2023 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1888 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2021 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 maidir le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 384, 29.10.2021, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 21, 31.1.2022, lch. 165).

([6]) Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 281, 31.10.2022, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1)

([8]) Rialachán (AE) 2023/195 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/110 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2022 (IO L 28, 31.1.2023, lch. 220).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661 ón gCoimisiún an 24 Lúnasa 2023 lena ndéantar asbhaintí ó chuótaí iascaireachta atá ar fáil le haghaidh stoic áirithe in 2023 de dheasca na ró-iascaireachta sna blianta roimhe sin (IO L 210, 25.8.2023, lch. 23).

(5) I gcás Ballstáit áirithe, eadhon an Danmhairg, an Spáinn, an Ísiltír agus an Pholainn, ní fhéadfaí asbhaintí áirithe a dhéanamh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661 ó chuótaí iascaireachta a leithdháileadh le haghaidh na stoc a ndearnadh ró-iascaireacht orthu de bhrí nach raibh cuótaí le haghaidh na stoc sin ar fáil do na Ballstáit sin sa bhliain 2023.

(6) Mura féidir asbhaintí a dhéanamh ar an stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air sa bhliain i ndiaidh na ró-iascaireachta de bhrí nach bhfuil cuóta ar fáil ag an mBallstát lena mbaineann le haghaidh an stoic éisc sin, foráiltear le hAirteagal 105(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go bhféadfar asbhaintí a dhéanamh ar chuótaí le haghaidh stoic eile sa limistéar geografach céanna, nó le haghaidh stoic a bhfuil an luach tráchtála céanna orthu, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann.

(7) De réir Theachtaireacht 2022/C 369/03 ón gCoimisiún faoi Threoirlínte maidir le cuótaí a asbhaint faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ([10]) ('na Treoirlínte') b'fhearr asbhaintí den sórt sin a dhéanamh ó chuótaí a leithdháileadh le haghaidh stoc arna n-iascach ag an gcabhlach a chuaigh thar an gcuóta.

(8) Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann a mhéid a bhaineann le hasbhaintí áirithe ó chuótaí a leithdháileadh le haghaidh stoc nach ndearnadh ró-iascaireacht orthu. Is iomchuí, dá bhrí sin, asbhaintí a dhéanamh ó na cuótaí malartacha iascaireachta sin a leithdháileadh ar na Ballstáit sin in 2023.

(9) I gcásanna áirithe, le malartuithe deiseanna iascaireachta arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), féadfar asbhaintí a dhéanamh as na stoic chéanna faoi chuimsiú Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661.

(10) Thairis sin, sáraíonn asbhaintí áirithe dá bhforáiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661 an cuóta oiriúnaithe atá ar fáil sa bhliain 2023 agus, mar thoradh air sin, ní féidir iad a dhéanamh ina n-iomláine sa bhliain sin. De réir na dTreoirlínte, ba cheart na méideanna atá fágtha a asbhaint ó na cuótaí oiriúnaithe atá ar fáil sna blianta ina dhiaidh sin go dtí go n-aisíoctar an méid iomlán a ndéantar ró-iascaireacht air.

(11) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661 leasú dá réir sin.

(12) Cuireadh na Treoirlínte in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 chun oiriúnú a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, ar an amlíne le haghaidh asbhaintí i gcás ró-iascaireachta ar chuóta le haghaidh stoc a bhainistíonn eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh go dtí an amlíne le haghaidh asbhaintí a leagtar síos sna heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh lena mbaineann maidir leis na stoic sin. Le Moladh 21-01 ón gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) maidir le clár ilbhliantúil um chaomhnú agus bainistiú le haghaidh tuinníní trópaiceacha ([12]) chomh maith le Moladh 22-03 ICCAT maidir le caomhnú cholgán an Atlantaigh Thuaidh ([13]), leagtar síos go ndéanfar aon bhreis ar an gcuóta coigeartaithe bliantúil sa bhliain 2022 a asbhaint ón gcuóta/ón teorainn ghabhála le haghaidh 2024. Ar an mbonn sin, na hasbhaintí, lena n-áirítear asbhaintí a eascraíonn as fachtóirí iolraithe is infheidhme, mar gheall ar ró-iascaireacht a rinne an Phortaingéil a bunaíodh in 2022 i gcás an stoic tuinníní mórshúileacha san Aigéan Atlantach (BET/ATLANT) agus an stoic colgán san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (SWO/AN05N), an dá rud atá á mbainistiú ag ICCAT, níor cheart iad a chur i bhfeidhm ach amháin in 2024.

(13) Féadfar tuilleadh nuashonruithe nó ceartúchán a dhéanamh i ndiaidh earráidí, easnaimh nó míthuairisciú a bhrath, i gcás an ghnímh reatha nó i gcás gníomhartha a rinneadh roimhe seo, sna figiúirí gabhála arna ndearbhú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte i ndáil le hasbhaint cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 (2022/C 369/03) (IO C 369, 27.9.2022, lch. 3).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([12]) Moladh 21-01 ó ICCAT lena n-ionadaítear Moladh 19-02 lena n-ionadaítear Moladh 16-01 maidir le clár ilbhliantúil um chaomhnú agus bainistiú le haghaidh tuinníní trópaiceacha.

([13]) Moladh 22-03 ó ICCAT lena n-ionadaítear moladh forlíontach 21-02 lena leathnaítear agus lena leasaítear Moladh 17-02 maidir le caomhnú cholgán an Atlantaigh Thuaidh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis na cuótaí iascaireachta a shocraítear le haghaidh na bliana 2023 le Rialacháin (AE) 2022/2090, (AE) 2023/194 agus (AE) 2023/195, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, laghdófar iad trí na hasbhaintí ar na stoic eile a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a chur i bhfeidhm.

Airteagal 2

Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ASBHAINTÍ Ó CHUÓTAÍ IASCAIREACHTA NA BLIANA 2023 ATÁ LE CUR I bhFEIDHM AR STOIC EILE

STOIC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU							STOIC EILE					
Ballstát	**Cód speicis**	**Cód limistéir**	**Ainm an speicis**	**Ainm an limistéir**	**An chainníocht nach féidir a asbhaint ó chuóta iascaireachta 2023 maidir leis an stoc a ndearnadh ró-iascaireacht air (i dtonaí)**		**Ballstát**	**Cód speicis**	**Cód limistéir**	**Ainm an speicis**	**Ainm an limistéir**	**An chainníocht atá le hasbhaint ó chuóta iascaireachta 2023 maidir leis na stoic eile (i dtonaí)**
DNK	HER	5B6ANB	An scadán	6b agus 6An; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b	8,077		**DNK**	MAC	2CX14-	An ronnach Atlantach	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12, agus 14	8,077
DNK	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	2,038		**DNK**	HER	1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	2,038
DNK	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	17,317		**DNK**	HER	1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	17,317
ESP	GHL	1N2AB.	An haileabó Graonlannach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	33,521		**ESP**	HER	1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	33,521
ESP	HAD	1N2AB.	An chadóg	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	17,409		**ESP**	REB	1N2AB.	An phéirse mhara	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	17,409

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2480/oj

ESP	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	53,171		**ESP**	COD	1N2AB.	An trosc	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	53,171
ESP	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	8,163		**ESP**	HER	1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	0,479
								COD	1N2AB.	An trosc	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	0,540
								REB	1N2AB.	An phéirse mhara	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	7,144
NLD	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	43,097		**NLD**	HER	1/2-	An scadán	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2	43,097
POL	MAC	2A34.	An ronnach Atlantach	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c, 3d agus 4	10,934		**POL**	HER	3D-R30	An scadán	Uiscí an Aontais i bhforanna 25-27, 28.2, 29 agus 32	10,934

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1661:

'IARSCRÍBHINN

ASBHAINTÍ Ó CHUÓTAÍ IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH 2023 I LEITH STOIC A nDEARNADH RÓ-IASCAIREACHT ORTHU

Ballstát	Cód speicis	Cód limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	Cuóta tosaigh 2022 (i dtonaí)	Gabhálacha arna gceadú 2022 (Cainníocht iomlán arna hoiriúnú i dtonaí) (1)	Gabhálacha iomlána 2022 (cainníocht i dtonaí)	Ídiú cuóta i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú 2022	Ró-iascaireacht i gcomparáid leis na gabhálacha arna gceadú 2022 (cainníocht i dtonaí)	Fachtóir iolraithe (2)	Fachtóir iolraithe breise (3), (4)	Asbhaintí nach ndearnadh ó bhliain/b-hlianta roimhe (5) (cainníocht i dtonaí)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2023 (6) agus na mblianta ina dhiaidh sin (cainníocht i dtonaí)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2023 maidir leis na stoic a ndearnadh ró-iascaireacht orthu (7) (cainníocht i dtonaí)	Asbhaintí ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2023 maidir le stoic eile (cainníocht i dtonaí)	Le hasbhaint ó chuótaí iascaireachta le haghaidh na bliana 2024 agus na mblianta ina dhiaidh sin (cainníocht i dtonaí)
BE	SRX	07D.	Sciataí agus roic	7d	134,000	136,500	137,765	100,93 %	1,265	/	/	/	1,265	1,265	/	/
BE	SRX	67AKX-D	Sciataí agus roic	uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 6a, 6b, 7a-c agus 7e-k	814,000	1 207,000	1 209,702	100,22 %	2,702	/	/	/	2,702	2,702	/	/
DE	HER	4AB.	An scadán	uiscí an Aontais, na Ríocht Aontaithe agus na hIorua in 4 lastuaidh de 53° 30′ T	41 147,000	37 114,880	38 224,556	102,99 %	1 109,676	/	A (8)	/	1 109,676	1 109,676	/	/
DE	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	71,000	72,800	92,797	127,47 %	19,997	1,00	/	/	19,997	0	/	19,997
DK	COD	03AN.	An trosc	Skagerrak	1 515,000	1 503,751	1 521,783	101,20 %	18,032	/	C (8)	/	18,032	18,032	/	/
DK	COD	2A3A-X4	An trosc	uiscí na Ríocht Aontaithe in 2a; an chuid sin de 3a nach bhfuil cumhdaithe le Skagerrak agus Kattegat	1 951,000	1 980,700	2 018,970	101,93 %	38,270	/	C (8)	/	38,270	38,270	/	/
DK	HAD	03A.	An chadóg	3a	2 225,000	2 508,851	2 735,449	109,03 %	226,598	/	C (8)	/	226,598	226,598	/	/

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2480/oj

DK	HER	5B6AN-B	An scadán	6b agus 6An; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b	/	/	8,077	N/B	8,077	1,00	/		8,077	/	8,077	/
DK	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	2,038	N/B	2,038	1,00	/	/	2,038	/	2,038	/
DK	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	17,317	N/B	17,317	1,00	/	/	17,317	/	17,317	/
DK	PRA	4N-S62	An séacla Artach	Uiscí na hIorua laisteas de 62°T	200,000	203,000	205,041	101,01 %	2,041	/	/	/	2,041	2,041	/	/
DK	SPR	03A.	An salán agus foghab-hálacha gaol-mhara	3a	8 422,000	20,186	34,428	170,55 %	14,242	1,00	/	/	14,242	14,242	/	/
DK	WHB	1X14	Faoitín gorm	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14	36 723,000	45 035,026	45 516,979	101,07 %	481,953	/	/	/	481,953	481,953	/	/
ES	ALF	3X14-	Alfain-síní	Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14	51,000	58,000	59,069	101,84 %	1,069	/	/	/	1,069	1,069	/	/
ES	COD	1/2B.	An trosc	1 agus 2b	9 688,000	9 290,212	9 409,547	101,28 %	119,335	/	A ([8])	/	119,335	119,335	/	/
ES	COD	1N2AB.	An trosc	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	2 602,000	2 744,006	2 804,069	102,19 %	60,063	/	/	/	60,063	0	/	60,063

ES	GHL	1N2AB.	An haileabó Graon-lannach	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	32,719	55,066	168,30 %	22,347	1,00	A	/	33,521	/	33,521	/
ES	HAD	1N2AB.	An chadóg	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	0,554	17,963	3 242,42 %	17,409	1,00	/	/	17,409	/	17,409	/
ES	OTH	1N2AB.	Speicis eile	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	/	35,447	N/B	35,447	1,00	A	/	53,171	/	53,171	/
ES	POL	08C.	An man-gach	8c	149,000	172,001	173,627	100,95 %	1,626	/	/	/	1,626	1,626	/	/
ES	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	17,250	25,413	147,32 %	8,163	1,00	/	/	8,163	/	8,163	/
ES	REB	1N2AB.	An phéirse mhara	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	106,000	103,211	104,593	101,34 %	1,382	/	/	/	1,382	1,382	/	/
ES	RJU	9-C.	An roc dústríoc-tha	uiscí an Aontais in 9	15,000	18,000	19,348	107,49 %	1,348	/	/	/	1,348	0	/	1,348
FR	JAX	4BC7D	An bolmán agus foghab-hálacha gaol-mhara	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4b, 4c agus 7d	267,000	396,532	461,312	116,34 %	64,780	1,00	/	/	64,780	64,780	/	/
FR	RJE	7FG.	An roc mion-súileach	7f agus 7g	36,000	57,000	83,299	146,14 %	26,299	1,00	/	/	26,299	26,299	/	/
FR	RJU	8-C.	An roc dústríoc-tha	Uiscí an Aontais in 8	13,000	23,000	24,081	104,70 %	1,081	/	/	/	1,081	1,081	/	/
IE	HER	6AS7BC	An scadán	6aS, 7b, 7c	1 236,000	1 267,563	1 298,400	102,43 %	30,837	/	/	/	30,837	30,837	/	/
IE	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	28,810	51,017	177,08 %	22,207	1,00	/	/	22,207	22,207	/	/

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2480/oj

MT	ALB	MED	Tuinnín colgach na Meán-mhara	An Mheánmhuir	41,190	41,190	49,876	121,09 %	8,686	1,00	/	/	8,686	8,686	/	/
NL	POK	1N2AB.	An glasán	Uiscí na hIorua in 1 agus 2	/	4,000	47,097	1 177,43 %	43,097	1,00	/	/	43,097	/	43,097	/
PL	MAC	2A34.	An ronnach Atlan-tach	3A; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c, 3d agus 4	/	/	10,934	N/B	10,934	1,00	/	/	10,934	/	10,934	/
PT	ALF	3X14-	Alfain-síní	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14	145,000	142,314	145,155	102,00 %	2,841	/	A ([8])	/	2,841	2,841	/	/
PT	BET	ATLAN-T	An tuinnín mór-shúi-leach	An tAigéan Atlantach	3 106,230	3 022,850	3 206,898	106,09 %	184,048	/	/	/	/ ([9])	/ ([9])	/	184,048 ([9])
PT	RJU	9-C.	An roc dústríoc-tha	uiscí an Aontais in 9	15,000	32,000	33,907	105,96 %	1,907	/	/	/	1,907	1,907	/	/
PT	SWO	AN05N	An colgán	An tAigéan Atlantach, lastuaidh de 5°T	1 161,840	1 687,840	1 738,632	103,01 %	50,792	/	/	/	/ ([10])	/ ([10])	/	50,792 ([10])
SE	I/F	04-N	Éisc thion-sclaío-cha	Uiscí na hIorua in 4	800,000	800,000	808,349	101,04 %	8,349	/	/	/	8,349	8,349	/	/

([1]) (1)Cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), aistrithe cuótaí ó 2021 go 2022 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle lena dtugtar isteach coinníollacha breise le haghaidh bhainistíocht TACanna agus cuótaí ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3) agus le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó athdháileadh agus asbhaint deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagal 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([2]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm ag asbhaint atá comhionann leis an ró-iascaireacht * 1,00 i ngach cás inar cothrom le 100 tona nó níos lú ná sin an ró-iascaireacht.

([3]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ar choinníoll gur mó ná 10 % an ró-iascaireacht.

([4]) Léiríonn an litir 'A' gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go ndearnadh ró-iascaireacht leanúnach sna blianta 2020, 2021 agus 2022. Léiríonn an litir 'C' gur cuireadh fachtóir iolraithe breise 1,5 i bhfeidhm de bharr go bhfuil an stoc faoi réir plean ilbhliantúil.

([5]) Cainníochtaí atá fágtha ó bhliain/bhlianta roimhe.

([6]) Asbhaintí atá le déanamh in 2023.

([7]) Asbhaintí atá le déanamh in 2023 a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2023 i bhfianaise an chuóta atá ar fáil.

([8]) Níl an fachtóir iolraithe breise infheidhme mar nach ndeachaigh an ró-iascaireacht thar 10 % de na gabhálacha arna gceadú.

([9]) Le Moladh 21-01 ó ICCAT, suitear go mbainfear aon bharrachas den chuóta coigeartaithe bliantúil in 2022 den teorainn chuóta/ghabhála faoi seach le haghaidh 2024.

([10]) Le Moladh 22-03 ó ICCAT, suitear go mbainfear aon bharrachas den chuóta coigeartaithe bliantúil in 2022 den teorainn chuóta/ghabhála faoi seach le haghaidh 2024.'